



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2021
(OR. en)

9545/21

ENFOPOL 218
JAI 681
CT 77
PROCIV 68

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	7 Meitheamh 2021
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	8663/21 + COR 1
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le Spásanna Poiblí a Chosaint – <i>Conclúidí ón gComhairle (7 Meitheamh 2021)</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Spásanna Poiblí a Chosaint a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 3799ú cruinniú a bhí aici an 7 Meitheamh 2021.

Conclúidí ón gComhairle maidir le Spásanna Poiblí a Chosaint

1. Á THABHAIRT DÁ hAIRE nach mór é a bheith mar thúsphointe don athléimneacht luachanna daonlathacha, institiúidí, agus slite maireachtála na hEorpa a chosaint agus nach mór an tsochaí go léir a chuimsiú léi,
2. Á CHUR I dTREIS DI go bhfuil sé mar aidhm ag an Aontas Eorpach ardchaighdeán maireachtála a chur ar fáil do na saoránaigh laistigh de limistéar saoirse, slándála agus ceartais trí chomhghníomhaíocht a fhorbairt idir na Ballstáit i réimse an chomhair póilíneachta mar a leagtar síos faoi Theideal V den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),
3. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI gur cuireadh i dtreis leis na hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh le déanaí i spásanna poiblí ar fud an Aontais gur gá iarrachtaí a neartú chun feabhas a chur ar chosaint spásanna poiblí,
4. DE BHRÍ go bhfuil timpeallacht bhagrach ag teacht chun cinn agus gur gá ionsaithe sceimhlitheoireachta atá ceaptha éagobhsaíocht agus faitíos a chruthú inár sochaithe oscailte a chosc agus pobail áitiúla a chosaint ar na hionsaithe sin,
5. Á CHUR I dTREIS DI gurb ábhar imní méadaitheach i ndáil le spásanna poiblí, agus go háirithe ionaid adhartha, é an t-ardú atá ag teacht ar sceimhlitheoireacht a eascraíonn as an antoisceachas foréigineach, gan beann ar an gcuspóir idé-eolaíoch a bhaineann leis,
6. Á ADMHÁIL DI go meastar spásanna poiblí a bheith, de thoradh a gcineáil, i mbaol ó ghníomhaíochtaí naimhdeacha agus neamhdhleathacha lena bhféachtar an bonn a bhaint den tslándáil agus den tsaoirse gluaiseachta atá mar bhuntréithe ag an Aontas agus a théann chun tairbhe dá chuid saoránach,
7. Á RÁ DI go bhfuil, mar gheall ar fhorbairt ár ngeilleagair dhigitigh, úsáid fhorleathan an idirlín, líonraí gan sreang agus cumarsáide fóin póca, gné chibearshlándála freisin le cosaint spásanna poiblí,

8. Á AITHINT DI go dtreisítear leis an sceimhlitheoireacht agus an antoisceachas foréigneach, mar thoradh ar a mbolscaireacht agus a gclúdach, bíodh sin sna meáin phríomhshrutha nó sna meáin shóisialta, an mothúchán neamhshláine agus go gcuirtear le scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne, lena mbaintear an bonn de bhunluachanna limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais Eorpaigh,
9. Á ADMHÁIL DI i gcás roinnt spásanna poiblí agus imeachtaí móra, e.g. ionaid adhartha, stáisiúin iarnróid, páirceanna poiblí, limistéir ghnó, láithreáin turasóireachta, ollscoileanna agus scoileanna, mórimeachtaí spóirt agus cultúrtha, ollchruinnithe agus oll-léirsithe, go n-éilítear cosaint leordhóthanach, de thoradh a gcineáil, a leochaileachta agus a dtábhachta shóisialta agus na bagartha agus an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag ionsaí,
10. Á MHEABHRÚ DI i ndáil le roinnt *modi operandi* sna hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh san Eoraip agus i gcomhthéacsanna idirnáisiúnta eile, ní hamháin go n-úsáidtear airm thine agus pléascáin, ach armáin ísealteicneolaíochta atá ar fáil go héasca freisin amhail armáin lannacha agus feithiclí, go háirithe feithiclí ar cíós nó goidte, chun damáiste a dhéanamh go díreach agus beatha na saoránach a chur i mbaol,
11. Á THABHAIRT DÁ hAIRE gur cheart do chosaint spásanna poiblí a bheith bunaithe ar chur chuige iomlánaíoch cothrománach, lena nascfaí straitéisí Aontais agus straitéisí ábhartha náisiúnta agus áitiúla, mar aon le compháirtíochtaí príobháideacha poiblí,
12. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI Clár Oibre Frithsceimhlitheoireachta an Aontais de chuid an Choimisiúin a glacadh an 9 Nollaig 2020, ina sainithnítear príomhghníomhaíochtaí atá ar siúl nó a bhfuiltear le tabhairt fúthu ar leibhéal an Aontais maidir le feabhas a chur ar chosaint spásanna poiblí,
13. DE BHRÍ GO bhfuil ról bunúsach ag gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí maidir le hionsaithe sceimhlitheoireachta a chosc, chomh maith le slándáil agus cosaint spásanna poiblí, eadhon trí chomhar agus trí chomhpháirtíochtaí le geallsealbhóirí ábhartha eile amhail bardais áitiúla, ollscoileanna, oibreoirí príobháideacha agus pobail áitiúla,
14. Á CHUR I dTREIS DI a thábhachtaí atá an comhar agus an comhordú trasteorann maidir le hacmhainneacht fhorfheidhmiú an dlí a fheabhsú agus maidir le dea-chleachtas a shainaitheint ar féidir le hoibreoirí spásanna poiblí é a chur chun feidhme, amhail bearta slándála a dhéantar le linn mórimeachtaí spóirt, i saoráidí iompair phoiblí, i limistéir phoiblí na n-aerfort idirnáisiúnta agus ar láithreáin turasóireachta,

15. Á AITHINT DI a thábhachtaí atá teicneolaíochtaí nua chun spásanna poiblí a chosaint, eadhon maidir le bagairtí a bhrath agus anailís a dhéanamh ar thacair mhóra sonraí agus cearta agus saoirsí bunúsacha na saoránach á ráthú ag an am céanna.

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AN MÉID SEO A LEANAS

16. MOLANN SÍ don CHOIMISIÚN leanúint de na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun tionscnaimh a sheoladh agus a chistiú, amhail Fóram an Aontais um Spásanna Poiblí a Chosaint, clár oiliúna agus tionscadail faoin gCiste Slándála Inmheánaí agus Fís Eorpach, agus leanúint de chlár a chur chun feidhme bunaithe ar athbhreithniú piaraí ó shaineolaithe deonacha, agus IARRANN SÍ ar an gCOIMISIÚN tuilleadh deiseanna a scrúdú chun tacú le tionscadail agus le tionscnaimh chun feabhas a chur ar chosaint spásanna poiblí agus ar athléimneacht pobal, eadhon trí na gníomhaíochtaí a chuirtear chun cinn i bPlean Gníomhaíochta 2017 chun tacú le Cosaint Spásanna Poiblí agus na tosaíochtaí a shainaithnítear i gClár Oibre Frithsceimhlitheoireachta 2020 an Aontais,
17. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an athléimneacht, réitigh chosantacha a fhorbairt agus comhar agus cúnamh i measc ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na mBALLSTÁT, laistigh den chreat dlí is infheidhme, agus tacaíocht á fáil ó EUROPOL agus ó líonra ATLAS chun freagairt ar ionsaithe sceimhlitheoireachta agus ar éigeandálaí casta, d'fhonn dul i ngleic le géarchéimeanna, trí threalamh, teicneolaíocht, aonaid póilíní speisialta, chomh maith le tacaíocht agus saineolas teicniúil a chur ar fáil. I gcomhréir leis an sprioc sin, MOLANN SÍ go neartófaí acmhainneacht na gcéad fhreagróirí iompraíochtaí agus rudaí amhrasacha a bhrath agus géarchéimeanna á láimhseáil acu,
18. MOLANN SÍ do na BALLSTÁIT tacú le forbairt agus cur chun feidhme choincheapa na slándála trí dhearadh i spásanna poiblí,
19. MOLANN SÍ go ndéanfaidh CEPOL agus líonraí forfheidhmithe dlí, go háirithe na líonraí atá rannpháirteach i bhfóram chleachtóirí an Aontais um spásanna poiblí a chosaint (EUCPN, ATLAS, AIRPOL, RAILPOL, AQUAPOL, ENLETS, Líonra an Aontais um shlándáil spásanna poiblí ardriosca), na cuspóirí straitéiseacha a bhaineann le spásanna poiblí a chosaint a chur san áireamh ina gclár oiliúna agus oibre chun comhleanúnachas agus sineirgí a fheabhsú,

20. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá taighde agus forbairt ar leibhéal na mBALLSTÁT agus ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear tionscnaimh a dhéanfaidh Mol Nuálaíochta an Aontais um an tSlándáil Inmheánach amach anseo chun uirlisí a fhorbairt chun spásanna poiblí a chosaint.
21. TATHANTAÍONN SÍ AR EUROPOL, i gcomhréir lena shainordú dlíthiúil agus i bhfianaise na sásraí chun tosaíochtaí a leagan síos idir na BALLSTÁIT agus an Mol Nuálaíochta, leanúint d'fhéachaint ar theicneolaíochtaí digiteacha agus frithbhearta atá le cur i bhfeidhm i gcoinne ionsaithe sceimhlitheoireachta i spásanna poiblí ar mhaithe leis na BALLSTÁIT agus le gach saoránach Eorpach. D'fhéadfaí díriú leis an taighde sin ar theicnící braite pléascán a fhorbairt, cosaint ar aerárthaigh gan foireann, cibearchoireacht thromchúiseach agus intleacht shaorga i bpróiseáil tacar mór sonraí i gcomhréir iomlán leis na rialacháin agus na caighdeáin cosanta sonraí faoi seach. Chomh maith le faisnéis úsáideach oibríochtúil a chomhroinnt go gasta leis na BALLSTÁIT, ba cheart na torthaí a chomhroinnt go leanúnach i bhfoirm tuarascálacha bliantúla agus trí lámhleabhair maidir le spásanna poiblí a chosaint a chur chun feidhme ina mbeidh faisnéis nuashonraithe agus moltaí do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na mBALLSTÁT,
22. MOLANN SÍ go gcuirfeadh EUROPOL, ENISA, eu-LISA, agus gníomhaithe ábhartha eile de chuid an Aontais, laistigh dá sainorduithe faoi seach, tacaíocht ar fáil do na BALLSTÁIT maidir le cosc a chur ar an gcibearchoireacht thromchúiseach agus maidir le sabaitéireacht córas soilsiúcháin phoiblí, cumarsáide móibílí, córas faireachais físe poiblí agus córas eile a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an tslándáil i spásanna poiblí,
23. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá taighde agus forbairt a dhéantar ag Saotharlann Nuálaíochta EUROPOL agus ag gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais chun cosaint a fhorbairt ar aerárthaigh gan foireann agus a n-úsáid in éineacht le hairm thine agus pléascáin mar aon le frithbhearta ina gcoinne, agus IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT tacú leis an gClár Eorpach um thástáil frithchóras aerárthaí gan foireann agus comhroinnt dea-chleachtas ón gCoimisiún,

24. MOLANN SÍ go leanfadh CEPOL de thacaíocht a thabhairt do chlár oiliúna forfheidhmithe dlí de chuid an Aontais maidir le slándáil agus cosaint spásanna poiblí agus bogspriocanna, cosaint bonneagair chriticiúil, slándáil mórimeachtaí, brath iompraíochta, bagairtí cos istigh, brath CBRN/pléascán, frithbhearta agus cosaint ar aerárthaigh gan foireann agus gunnadóirí gníomhacha,
25. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur gá do na BALLSTÁIT a bheith ag obair i dtreo straitéisí náisiúnta agus áitiúla chun athléimneacht na bpobal agus na spásanna poiblí a mhéadú, agus i gcás inarb indéanta, na straitéisí sin a chur chun feidhme agus/nó a fheabhsú,
26. MOLANN SÍ DO NA BALLSTÁIT tionscadail a bhaineann le cosaint spásanna poiblí agus áiteanna ina mbíonn slua a fhorbairt, agus a bheith páirteach go gníomhach iontu, agus sineirgí á gcruthú idir geallsealbhóirí idirnáisiúnta agus náisiúnta, amhail údaráis réigiúnacha/áitiúla, gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, gnólachtaí slándála príobháideacha, gnólachtaí príobháideacha agus eile, agus é mar aidhm acu comhoibriú agus eolas lena gcuideofar le rioscaí a laghdú a chomhroinnt agus feabhas a chur ar úsáid teicneolaíochtaí cliste slána chun spásanna poiblí a chosaint,
27. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá cumarsáid shlán oibríochtúil agus cumarsáid idir-inoibritheach an Aontais ionas gur féidir le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus cleachtóirí slándála eile cosaint agus freagairt cheart a chur ar fáil i gcás comhar trasteorann i réimse na spásanna poiblí agus na mórimeachtaí, agus IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT tuilleadh tacaíochta a tabhairt do thionscnaimh de chuid an Aontais lena ndírítear ar fheabhas a chur ar na córais atá ann cheana agus ar chórais chumarsáide idir-inoibritheacha uile-Aontais le haghaidh na slándála poiblí, go háirithe an tionscadal BroadWay ar cuid de Fís 2020 é,
28. MOLANN SÍ go ndéanfaidh NA BALLSTÁIT a gcreataí dlíthiúla náisiúnta a scrúdú d'fhonn srian a chur le hiompar neamhdhlisteanach armán lannach i spásanna poiblí agus ag mórimeachtaí, chomh maith le breathnú ar bhearta sonracha cosanta a fhorbairt maidir le hionaid adhartha, agus IARRANN SÍ ar an gCOIMISIÚN na roghanna atá ann cheana agus na tionscnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a scrúdú chun cosaint a fheabhsú a thuilleadh ar leibhéal an Aontais,

29. MOLANN SÍ DO NA BALLSTÁIT leanúint de staidéar agus d'anailís a dhéanamh ar threoir agus uirlisí slándála d'oibreoirí a ligeann feithiclí ar cíós chun an riosca a bhaineann le hionsaithe feithiclí i spásanna poiblí a chosc agus a mhaolú agus IARRANN SÍ ar an gCOIMISIÚN féachaint ar roghanna chun tionchar na n-ionsaithe feithiclí a chosc agus a mhaolú ar leibhéal an Aontais,
30. IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT a reachtaíocht náisiúnta agus a rialáil áitiúil a scagadh d'fhonn a áirithiú go bhfuil forálacha soiléire ann maidir le ceanglais agus freagrachtaí riaracháin dóibh siúd a phleanálann agus a bhainistíonn slándáil spásanna poiblí, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE aidhm an Choimisiúin amharc ar roghanna maidir le hoibleagáidí íosta a shocrú d'oibreoirí spásanna poiblí.
31. CUIREANN SÍ COMHAIRLE AR NA BALLSTÁIT leanúint d'fhreachnaimh phraiticiúla agus oiliúint chomhpháirteach a phleanáil agus a eagrú idir údaráis áitiúla, lucht forfheidhmithe dlí, lucht cosanta sibhialta, lucht éigeandála leighis, gnólachtaí príobháideacha, gnólachtaí slándála príobháideacha agus geallsealbhóirí eile chun feabhas a chur ar ullmhacht agus freagairt lucht forfheidhmithe dlí agus an phobail céadfheagartha,
32. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cheart do NA BALLSTÁIT na nithe a leanas a sholáthar: uirlisí iomchuí d'údaráis áitiúla chun measúnú daingean riosca agus leochaileachta a dhéanamh, lena n-áirítear treoir an Aontais atá ann cheana féin, treoir maidir le bearta cosanta, agus líonraí Eorpacha agus fóraim náisiúnta chun eolas agus dea-chleachtais a chomhroinnt idir na húdaráis sin,
33. IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT feasacht a mhúscailt idir cathracha maidir le tionscnaimh agus fóraim de chuid an Aontais atá ann cheana lena n-éascaítear comhroinnt dea-chleachtas agus lena dtacaítear le tionscadal arna stiúradh ar an leibhéal áitiúil, agus IARRANN SÍ ar an gCOIMISIÚN Gealltanais an Aontais maidir le Slándáil Uirbeach agus Athléimneacht a fógraíodh i gClár Oibre Frithsceimhlitheoireachta 2020 an Aontais a sheoladh,
34. MOLANN SÍ DO NA BALLSTÁIT cosc na coireachta a ionchorprú trí theicnící deartha comhshaoil ar an leibhéal áitiúil agus trí chomhpháirtíochtaí agus tionscadail phoiblí phríobháideacha mar mhodh chun spásanna poiblí a chosaint, is é sin cosc a chur ar bhuailtí feithiclí, pléascáin, CBRN, feistí loiscneacha seiftithe, gunnadóirí gníomhacha agus *modi operandi* eile i spásanna amhail stáisiúin iarnróid agus stáisiúin iarnróid faoi thalamh, limistéir phoiblí in aerfoirt idirnáisiúnta, ionaid adhartha, limistéir ghnó, áiteanna tarraingthe turasóirí (e.g. clocha cuimhne agus iarsmalanna), ollscoileanna agus scoileanna agus spásanna eile de réir na comhairle sa mheasúnú riosca.